

# Breatimeacht, arís!

## Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na scéalta is deireanaí faoin mBreatimeacht.



Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- The British Prime Minister
- breach
- henceforth
- engaged in negotiations
- the DUP backs, supports
- attempting, trying to
- she denied
- Leader of the Opposition
- threat
- rule out

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

## Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís agus breac síos na pointí is tábhachtaí atá le cloisteáil inti.

Cuir do chuid pointí i gcomparáid leis an duine in aice leat ansin.

## Ceist 3

An modh coinníollach

1. Féach ar an tuairisc arís. Breac síos gach sampla den saorbhriathar sa mhodh coinníollach a chloiseann tú inti.
2. Líon na bearnaí sa bhosca leis na leaganacha cearta de na saorbhriathra sa mhodh coinníollach. Tá an chéad cheann déanta duit.

<i>cuir</i>	<i>glan</i>	<i>sábháil</i>	<i>bailigh</i>	<i>imir</i>	<i>ceangail</i>
chuirfí					
ní chuirfí					
an gcuirfí...?					
go gcuirfí					

**Ceist 4** ‘...go mbeadh...’ agus ‘...go mbeidh...’

1. Líon isteach na bearnaí sa bhosca – is iad na briathra mírialta atá i gceist san aimsir fháistineach agus sa mhodh coinníollach.

	<b>An Aimsir Fháistineach</b>	<b>An Modh Coinníollach</b>
<b>Abair</b>	An ndéarfaidh tú...?	
<b>Beir</b>		An mbéarfá...?
<b>Bí</b>	An mbeidh sé...?	
<b>Clois</b>		An gcloisfinn...?
<b>Déan</b>	An ndéanfaidh sibh...?	
<b>Faigh</b>		An bhfaigheadh sí...?
<b>Feic</b>	An bhfeicfidh siad...?	
<b>Ith</b>		An íosfaidís...?
<b>Tabhair</b>	An dtabharfaidh tú...?	
<b>Tar</b>		An dtiocfainn...?
<b>Téigh</b>	An rachaidh sí...?	

2. Scríobh amach na freagraí diúltacha agus dearfacha anois de na briathra mírialta sa dá aimsir.
3. Cad a bheidh an duine in aice leat ag déanamh ag an deireadh seachtaine? Cuir cúpla ceist orthu le fáil amach.

**Ceist 5** ‘...feasta...’

Cuir na focail seo in abairtí lena mbrí a léiriú: *amach anseo, todhchaí, choíche, i ndán do, am le teacht.*

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad atá i ndán don Ríocht Aontaithe, dar leat?
2. Cad atá i ndán do Thuaisceart Éireann má chruthófar teorainn chrua arís?
3. Cad atá i ndán d’Éirinn má bhíonn Brexit cruá i gceist, dar leat?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

The British Prime Minister – *Príomh-Aire na Breataine*  
breach – *a shárú*  
henceforth – *feasta*  
engaged in negotiations – *i mbun idirbheartaíochta*  
the DUP backs, supports – *tacaíonn an DUP le*  
attempting, trying to – *ag féachaint le*  
she denied – *shéan sí*  
Leader of the Opposition – *Ceannaire an Fhreasúra*  
threat – *bagairt*  
rule out – *cuir as an áireamh*

**Ceist 2**

Féach an script.

**Ceist 3**

1. 'nach ndéanfaí' agus 'go léireofaí' x 2.
- 2.

<b>cuir</b>	<b>glan</b>	<b>sábháil</b>
chuirfí	ghlanfaí	shábhálfaí
ní chuirfí	ní ghlánfaí	ní shábhálfaí
an gcuirfí...?	an nglánfaí...?	an sábhálfaí...?
go gcuirfí	go nglánfaí	go sábhálfaí
<b>bailigh</b>	<b>imir</b>	<b>ceangail</b>
bhaileofaí	d'imreofaí	cheanglófaí
ní bhaileofaí	ní imreofaí	ní cheanglófaí
an mbaileofaí...?	an imreofaí...?	an gceanglófaí...?
go mbaileofaí	go n-imreofaí	go gceanglófaí

**Ceist 4**

1. Féach an tábla:

	<b>An Aimsir Fháistineach</b>	<b>An Modh Coinníollach</b>
<b>Abair</b>	An ndéarfaidh tú...? Déarfaidh / Ní déarfaidh	An ndéarfá...? Déarfainn / Ní déarfainn
<b>Beir</b>	An mbéarfaidh tú...? Béarfaidh / Ní béarfaidh	An mbéarfá...? Bhéarfainn / Ní bhéarfainn
<b>Bí</b>	An mbeidh sé...? Beidh / Ní beidh	An mbeadh sé...? Bheadh / Ní bheadh
<b>Clois</b>	An gcloisfidh mé...? Cloisfidh / Ní chloisfidh	An gcloisfinn...? Chloisfeá / Ní chloisfeá
<b>Déan</b>	An ndéanfaidh sibh...? Déanfaimid / Ní dhéanfaimid	An ndéanfaidís...? Dhéanfaimis / Ní dhéanfaimis
<b>Faigh</b>	An bhfaighidh sí...? Gheobhaidh / Ní bhfaighidh	An bhfaigheadh sí...? Gheobhadh sí / Ní bhfaigheadh sí
<b>Feic</b>	An bhfeicfidh siad...? Feicfidh / Ní fheicfidh	An bhfeicfidís...? D'fheicfidís / Ní fheicfidís
<b>Ith</b>	An íosfaidh siad...? Íosfaidh / Ní íosfaidh	An íosfaidís...? D'íosfaidís / Ní íosfaidís
<b>Tabhair</b>	An dtabharfaidh tú...? Tabharfaidh / Ní thabharfaidh	An dtabharfá...? Thabharfainn / Ní thabharfainn
<b>Tar</b>	An dtiocfaidh mé...? Tiocfaidh / Ní thiocfaidh	An dtiocfainn...? Thiocfá / Ní thiocfá
<b>Téigh</b>	An rachaidh sí...? Rachaidh / Ní rachaidh	An rachadh sí? Rachadh / Ní rachadh

2. Cleachtadh cainte atá i gceist leis an ngníomhaíocht seo.

**Ceist 5**

*amach anseo – later on*

*todhchaí – future*

*choíche – never (san aimsir fháistineach)*

*i ndán do – in store for*

*am le teacht – time to come*

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Siún Nic Gearailt**

Bhuel, le cúrsaí polaitíochta an lae inniu anois. Dúirt Príomh-Aire na Breataine, Theresa May inniu, nach ndéanfaí Comhaontú Aoine an Chéasta a shárú nó a athrú. Dúirt sí go léireofaí meas ar an gcomhaontú sin i gcónaí le linn an phróisis Breatimeachta.

**Caoimhe Ní Laighin**

Gheal Príomh-Aire na Breataine inniu go mbeadh sí níos oscailte feasta leis an bParlaimint in Westminster, agus í i mbun idirbheartaíochta sa chéad chéim eile de na cainteanna maidir leis an mBreatimeacht.

Bhí sí ag tabhairt cuntais inniu maidir leis an tslí chun cinn, dar léise, sa bpróiseas seo. Dúirt sí go mbeadh a thuilleadh cainteanna aici leis an DUP. Tacaíonn an DUP le rialtas mionlaigh Theresa May. Dúirt sí go mbeadh sí ag féachaint le himní an DUP agus dreamanna eile, maidir leis an gcúlstad, a mhaolú.

Dúirt sí go rachadh sí ar ais chuig an Aontas Eorpach i ndiaidh na gcruinnithe sin, leis na conclúidí a phlé leo. Shéan sí go ndéanfadh sí Comhaontú Aoine an Chéasta a oscailt an athuair. Dúirt sí go léireofaí meas iomlán ar an gcomhaontú sin tríd an bpróiseas Breatimeachta.

Dúirt Ceannaire an Fhreasúra, Jeremy Corbyn, nár thuig Príomh-Aire May chomh holc is a bhí sí buailte an tseachtain seo caite, nuair a chaill sí a vóta in Westminster. Dúirt sé nach mbeadh sé sásta bualadh le Theresa May leis an mBreatimeacht a phlé, go dtí go dtarraingeofar siar ón mbagairt go mb'fhéidir go mbeidh ar an mBreatain an tAontas Eorpach a fhágáil gan margadh ar bith, ag deireadh Mhí an Mhárta.

Tá sé curtha as an áireamh arís ag Theresa May go mbeidh an dara reifreann ann ar an gceist.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.